Gaeloideachas

Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

14 Bealtaine 2019

San eagrán seo:

- Focal Fáilte ó Clodagh Ní Mhaoilchiaráin, Cathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach RSO
- Ar Scáth a Chéile ar son an Dalta - Comhdháil Rathúil Eile ar RSO
- Cúrsaí Fostaíochta faoin tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) sna naíonraí
- Abhcóideacht Leanúnach: #Éist agus Plé le hEagraíochtaí Tacaíochta
- An Disléicse agus an Dátheangachas: Roinnt Freagraí ón Taighde
- Smaointe don Seomra Ranga: Activate Speech agus Breacadh
- Athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Riachtanais Speisialta
- Glac Páirt i Suirbhé Tábhachtach ar Sholáthar Seirbhísí RSO

Focal Fáilte ó Clodagh Ní Mhaoilchiaráin, Cathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach RSO

Fáilte romhaibh chuig an dara heagrán de nuachtlitir Gaeloideachas atá dírithe go sonrach ar riachtanais speisialta oideachais sa chóras lán-Ghaeilge.

Ó bhí an t-eagrán deiridh ann, reachtálamar an dara comhdháil um RSO don earnáil lán-Ghaeilge ar an 4 Aibreán 2019 in Óstán Pháirc an Mhuilinn Chearr. Bhí an-rath ar an lá agus gabhaim buíochas le gach duine a chabhraigh in ullmhúchán an lae. Tá tuilleadh eolais thíos faoi na hábhair agus na réimsí plé.

ag obair go dian le cinntiú go bhfuil riachtanais na hearnála á n-áireamh. Cuireadh díoma na hearnála in iúl arís nuair nár sonraíodh sa liúntas a tugadh do scoileanna maidir leis an nGaeilge ach gur áiríodh an liúntas Gaeilge agus Béarla le chéile faoi rannóg na litearthachta. Leanfaidh muid ag ardú ceisteanna agus ag abhcóideacht ar son na bpáistí agus na scoileanna san earnáil. Fáiltíonn muid i gconaí roimh mholtaí nó ceisteanna ar na hábhair seo.

Bhí an-áthas orm gur ceapadh mé ar Bhord na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta le déanaí agus go mbeidh den chéad uair riamh guth ón earnáil lán-Ghaeilge ar an mBord náisiúnta fíorthábhachtach seo.

Clodagh Ní Mhaoilchiaráin, Cathaoirleach Choiste Chomhairleach RSO

Ar Scáth a Chéile ar son an Dalta - Comhdháil Rathúil Eile ar RSO

“Children develop at different speeds in their bilingual language development. Just as some children learn to crawl, walk or say their first words, earlier than others, so the speed of language development varies between children […]. There are hurdles but few insurmountable barriers to children reaching whatever bilingual language destination is possible”
(Baker, C., (2007). A Parents' and Teachers' Guide to Bilingualism, 29-30).

Chruinnigh timpeall 150 duine idir mhúinteoirí ó scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, ionadaithe eagraíochtaí oideachais agus tacaíochta, mar aon le hionadaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna, san Iarmhí an mhí seo caite don ócáid ‘**Ar Scáth a Chéile ar son an Dalta**’, comhdháil Gaeloideachas i

Cuireadh clár cuimsitheach i láthair, le pléphainéal ar maidin agus réimse ceardlann san iarnóin. Roinneadh taighde, dea-chleachtais, acmhainní agus modhanna múinte ar na toscairí le cabhrú leo plé go héifeachtach agus go cuimsitheach le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Ar phainéal na maidine bhí cuir i láthair spéisiúla ag ionadaíocht na cigireachta agus NEPS, chomh maith le cur i láthair torthaí taighde ar thacaíocht do pháistí a bhfuil RSO acu agus iad sa scoil lán-Ghaeilge, chomh maith le cur i láthair ar mheasúnú ar pháistí dátheangacha le deacrachtaí teanga. Aithníodh le linn na gcainteanna uilig an dul chun cinn atá déanta agus fás na hearnála ach aithníodh chomh maith na heasnaimh atá ann – ar a n-áirítear easpa uirlísí measúnaithe do pháistí.

Chuir **Sinéad Nic Aindriú, Institiúid Oideachais OCBÁC**, bonn láidir faoin lá nuair a roinn sí eolas maidir le buntáistí agus dúshláin an chórais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta don RSO, mar aon le leideanna agus dea-chleachtais a bhféadfadh scoileanna a chur i bhfeidhm. Ina measc: réimse leathan modhanna múinte a úsáid, grúpaí oibre, timpeallacht shaibhir i dtaobh an phrionta de, cineálacha éagsúla measúnaithe neamhfhoirmiúla agus foirmiúla a úsáid (m.sh. scéalta, measúnú dinimiciúil) agus straitéisí idirghabhála bunaithe ar thaighde.

Labhair **Colm Ó Conchubhair, síceolaí leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais** maidir le tábhacht na folláine i scoileanna agus chuir sé in iúl go bhfuil deacracht mheánach nó deacracht mhór ag 8% de leanaí na hÉireann ó thaobh na meabhairshláinte de (Coláiste Shíciatraithe na hÉireann (2005)). Roinn sé eolas ón *Ráiteas Polasaí Folláine & Creat Cleachtais 2018 - 2023*, (acmhainn atá ar fáil i nGaeilge do scoileanna anseo) agus an ról ríthábhachtach atá ag scoileanna i gcothú na folláine chun tacú le forbairt acadúil, fhisiciúil, mheabhrach, mhothúchánach, shóisialta agus spioradálta.

Gabhann Gaeloideachas buíochas mór leis na cainteoirí uile a roinn a gcuid saineolais, taighde agus taithí go fial flaithiúil linn. Tá roinnt de na cuir i láthair ón lá ar fáil thíos.

Cuir i Láthair ón gComhdháil *Ar Scáth a Chéile*

- Ag tacú le daltaí a bhfuil RSO acu agus iad ag foghlaim trí Ghaeilge - Sineád Nic Aindriú, Institiúid Oideachais OCBÁC
- Buíon mhúinteoireachta mar mhodh tacaíochta sa bhunscoil lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta - Clár Nic Samhráin, Eithne Ní Dhubhghaill & Marian Uí Drisceoil, An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST)

- Mata agus uimhearthacht - straitéisí teagaisc sa bhunscoil - Deirdre Ní Dhorchaí agus Monica Ní Choitir, Gaelscoil Mhíchíl Cíosóg
- Measúnú ar dheacrachtaí teanga sa dátheangachas Gaeilge-Béarla - An Dr Ciara O' Toole, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Ráiteas Polasaí Folláine & Creat Cleachtais 2018–2023, Colm Ó Conchubhair, Siceolaí Oideachais, Seirbhís Náisiúnta Siceolaíochta Oideachais (SNSO)
- Uathachas sa bhunscoil lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta - Clodagh Ní Mhaoilchiaráin, Gaelscoil Bhaile Brigín

---

Cúrsaí Fostaíochta faoin tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) sna naíonraí

Fuair Gaeloideachas fiosrúchán ó naíonra le deireanaí maidir le cúrsaí fostaíochta faoin tSamhail um Rochtain agus Cuimisiú. Bhí an naíonra tar éis iarratas a dhéanamh ar thacaíocht faoin scéim agus bhí comhfhreagras faighte acu le cur in iúl go raibh siad i dteideal breis caipitíochta ag leibhéal a 7 faoin scéim. Céard í an chéad chéim eile?

Tugann leibhéal a 7 caipitíocht bhreise don naíonra le tacaíocht bhreise a fháil don seomra naíonra nó leis an gcóimheas reatha múinteoirí is páistí a laghdú. **Bíonn an leibhéal ard tacaíochta seo ag teastáil ó 1-1.5% de pháistí atá ag freastal ar sheirbhís ECCE.** Ag brath ar riachtanais an pháiste (riachtanais chasta nó riachtanais an-chasta), bíonn idir €130 agus €195 ar fáil in aghaidh na seachtaine.

bpróiseas earcaíochta láithreach. Is gá go mbeidh na gnáthcháilíochtaí cuí i réimse na luathbhlianta ag iarratasóirí, ach ní gá go bhfuil cáilíocht acu mar chúntóir riachtanais speisialta nó aon cháilíocht eile acu i réimse an oideachais speisialta. **Cabhraíonn an tacaíocht bhreise faoin scéim AIM cinntiú gur féidir leis an bpáiste bheith rannpháirteach i mbealach fóinteach sa scéim ECCE, go mbeidh sé nó sí in ann barr a c(h)umais a bhaint amach, agus go mbeidh scileanna nua á roinnt leo.**

An bhfuil aon cheist ag do naíonra gur mhaith leat a ardú linn faoi RSO nó an bhfuil aon dea-chleachtais ar bun i do naíonra a mbeifeá sásta a roinnt le naíonraí eile? Cuir ríomhphost chuig Ciara ciara@gaeloideachas.ie

---

An Disléicse agus an Dátheangachas: Roinnt Freagraí ón Taighde

Má tá ceisteanna ag tuismitheoirí i do naíonra nó scoil maidir leis an disléicse, b'fhéidir go bhfaighidh siad roinnt freagraí ón alt Dyslexia, Bilingualism, and Learning a Second Language le Francois Grosjean, Ollamh Emeritus in Ollscoil Mc Gill. Foilsíodh an t-alt in Psychology Today le deireanaí agus freagraíonn Grosjean go leor ceisteanna coitianta a bhíonn ag tuismitheoirí maidir leis an tumoideachas agus an dátheangachas. Seo cúpla pointe a dhéantar ann:

- **Níl aon taighde ann a léiríonn gurb é an dátheangachas cúis le disléicse a bheith ag duine**
- **Níl an disléicse níos coitianta i measc daoine atá dátheangach i gcomparáid le daoine nach labhraíonn ach teanga amháin**
- Má tá disléicse ag páiste dátheangach, tá an disléicse soiléir sa dá theanga
- Bíonn na bundeacrachtaí céanna ag foghlaimeoirí dara teanga a bhfuil disléicse acu agus páistí nach bhfuil ach teanga amháin acu agus a bhfuil disléicse acu. **Is í an bhundeacracht atá ag na páistí seo ná foghlaim conas brí a bhaint as focail scríofa i gceart ionas go mbeidh siad in ann an téacs a thuiscint.**
- Níl aon taighde ann a léiríonn nach féidir le páiste, a bhfuil lagú léitheoireachta air/aici nó a bhfuil deacracht léitheoireachta aige/aici, leas a bhaint as clár oideachais dátheangach. Tá sé seo fíor i gcás páistí a thagann ó theaghlaigh ina labhraítear mionteanga agus teaghlaigh a labhraíonn mórtheanga araon.

#éist: Cothrom na Féinne don Oideachas lán-Gheilge agus Gaeltachta

Ba mhór le Gaeloideachas na naíonraí. scoileanna agus a bpobail a chumasú leis na riachtanais atá ag pobail an oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a chur chun cinn, agus aird an lucht déanta beartais a tharraingt orthu.
Chuige sin tá **bileog stocaireachta** curtha ar fáil againn, a leagann amach i nGaeilge agus i mBéarla na príomhéilimh atá ag teacht chun cinn. I measc na n-éileamh seo, áirítear an t-éileamh "**go gcuirfí tacaíochtaí cuí ar fáil don oideachas speisialta sa chóras lán-Ghaeilge agus go gcinnteofaí inrochtaineacht do chách**"

Is féidir an bhileog a íoslódáil mar PDF thíos, agus iarraimid oraibh í a scaipeadh go forleathan in aon bhealach gur féidir. Leanaigí #éist ar na meáin shóisialta, cuirigí leis an gcaint, agus bímis le cloisteáil!

Bileog Stocaireachta #Éist

Abhcóideacht Leanúnach le hEagraíochtaí Tacaíochta

Bhí roinnt cruinnithe an-dearfach ag toscaireacht de chuid Gaeloideachas le Cumann Disléicse na hÉireann agus Cumann Uathachais na hÉireann faoin earnáil lán-Ghaeilge agus Ghaeltachta le deireanaí.

Cumann Disléicse na hÉireann

oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Seo roinnt aiseolais ón bplé.

Plé le Tuismitheoirí:

- Moladh go lorgódh tuismitheoirí **síceolaithe a bhfuil máistreacht nó dochtúireacht i síceolaíocht an oideachais** acu (a chuimsíonn gnéithe den ilteangachas). Níl síceolaithe eile sách inniúil le diagnóis iomlán cruinn a dhéanamh.
- Ní mór comhthéacs iomlán an teaghlaigh a thógáil san áireamh nuair a bhíonn moladh á réiteach ag na síceolaithe. Tá nithe pragmatacha le tógáil san áireamh i ngach cás.
- **Molann an Cumann do thuismitheoirí gan pháistí a bhfuil disléicse acu a aistriú amach as an suíomh lán-Ghaeilge**, a oiread agus is féidir. Léirigh siad an-bhuairt faoi shíceolaithe ag moladh do theaghlaigh a labhraíonn Gaeilge mar theanga bhaile Béarla a labhairt le páiste le RSO agus Gaeilge le baill eile an teaghlaigh, nó aon ghníomh eile a dhéanfadh imeallú ar an bpáiste nó deacrachtaí sóisialta a chruthú.

Diagnóis
I gcomhthéacs an luath-thumoideachais, mhol an Cumann diagnóis a lorg do pháistí 18 mí i ndiaidh dóibh tús a chur le foghlaim an Bhéarla (fónaic an Bhéarla). Ó thaobh deacrachtaí a aithint roimhe sin (sa Ghaeilge) is gá dul i muiníne an mhúinteora agus tuairim na dtuismitheoirí a fháil. Aithnítear gur fadhb ollmhór í an easpa uirlisí tástála atá ann don Ghaeilge agus atá fianaise-bhunaithe.

Córas Fóineolaíochta
Aithníodh an fíorghanntanas acmhainní atá ann don teagasc struchtúrtha ar fhónaic na Gaeilge agus is easnamh fóineolaíochta is mó a bhíonn ina bhac ar na daltaí seo, dar leis an gCumann.

Moltar do thuismitheoirí plé leis an scoil maidir le cén córas fónaice atá acu agus an mbeidh siad in ann tacaíocht churaclaim agus ‘tacaíocht lárnach’ a chur ar fáil don pháiste. Dá mbeadh córas fónaice ceart agus córas tacaíochta curaclaim i bhfeidhm ag gach scoil lán-Ghaeilge bheadh rogha chothrom ag tuismitheoirí idir scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla agus scoil lán-Ghaeilge

Litriú
Tá an córas litrithe sna scoileanna an-lag ar an iomlán (gach cineál scoile), dar leis an gCumann. **Tá gá le teagasc sainiúil don litriú agus moltar cloí leis na focail (100 focal) is mó úsáid.**

Comhoibriú beartaithe idir Gaeloideachas agus Cumann Disléicse na hÉireann

1. **Bileog dhátheangach do thuismitheoirí** faoin disléicse agus an tumoideachas. Ag eascairt uaidh sin, beidh feachtas beag ar na meáin shóisialta chun imní tuismitheoirí a mhaolú agus a dtuiscintí ar an dátheangachas agus tumoideachas a mhéadú.
2. **Treoirlínte FGL** a fhorbairt do mhúinteoirí sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta maidir le tumoideachas, luath-litearthacht, modheolaíochtaí, etc.
3. **Oiliúint FGL** a dhéanamh
4. **Stocaireacht** maidir le tacaíochtaí riachtanacha an chórais.

Cumann Uathachais na hÉireann
Ag cruinniú le déanaí le Cumann Uathachais na hÉireann, bhí an-áthas ar an eagraíocht a fheiceáil go bhfuil an Cumann an-tacúil, tuisceanach agus dearfach i leith an chórais lán-Ghaeilge. Faoi láthair, tá bileog i nGaeilge á forbairt acu ar an uathachas i gcomhar linn. Tá oiliúint i nGaeilge ar fáil do scoileanna ón gCumann, ach tá an tseirbhís seo teoranta de bharr cúrsaí acmhainní daonna. Tá an oiliúint seo dírithe ar spriocghrúpaí éagsúla – tuismitheoirí, múinteoirí agus scoláirí – agus pléitear feasacht i leith an uathachais le linn na hoiliúna ach go háirithe.

Smaointe don Seomra Ranga: Activate Speech agus Breacadh

Bhí an-tóir ar sheastán Activate Speech ag an gcomhdháil RSO le déanaí. Tá réimse leathan acmhainní i nGaeilge ag Activate Speech don tacaíocht foghlama agus don teiripe urlabhra. I measc na n-acmhainní atá ar fáil, tá

abairtí, scileanna comhrá agus sóisialta, agus eile. Tabhair spléachadh orthu anseo

Thug Breacadh cur i láthair den scoth ar acmhainní Mar a Déarfá! ar an lá chomh maith. I measc na n-acmhainní luachmhara atá acu, tá liosta focal ardmhinicíochta, póstaeir, luaschártaí, cluiche déanta focal, sraith físeán agus taifid fuaime, réimse leathan cleachtaí ranga, lámhleabhar don mhúinteoir agus neart eile. Féach ar na bunacmhainní anseo agus acmhainní breise ar Youtube. Tá bunacmhainní Mar a Déarfá! ar fáil faoi láthair i gcanúint na Mumhan (Corca Dhuibhne) agus canúint Chonnacht (leagan Chois Fharraige). Beidh leagan Uladh á fhoilsiú san am atá le teacht.

Athbhreithniú ar Scéim na gCúntóirí Riachtanais Speisialta

D'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta páipéar comhairliúcháin ar athbhreithniú na Scéime um Chúntóirí Riachtanais Speisialta Oideachais i mí Bhealtaine 2018. San athbhreithniú seo, **fuarthas amach go bhfreastalaíonn an scéim reatha go maith ar riachtanais scoláirí níos óige, na páistí a raibh an scéim deartha dóibh i dtosach.** Cuireadh in iúl, áfach, nach bhfuil an scéim chéanna ag freastal go héifeachtach ar scoláirí níos sine ag leibhéal na bunscoile ná scoláirí iar-bhunscoile. Is mar gheall ar an athbhreithniú seo a bhfuil múnla nua um chuimsiú á phíolótú don scoilbhliain nua os ár gcomhair. Cuirfidh sé seo breis tacaíochta ar fáil do scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise nó riachtanais speisialta oideachais acu. D'fhreastail Gaeloideachas ar sheisiún comhairliúcháin ina leith seo ag deireadh mhí Aibreáin. Táthar ag fanacht ar leagan Gaeilge de na cáipéisí le

Glac Páirt i Suirbhé Tábhachtach ar Sholáthar Seirbhísí RSO

Tá Gaeloideachas ag bailiú eolais faoi raon na seirbhísí atá á n-éileamh agus atá ar fáil do pháistí le riachtanais spesialta oideachais (RSO) sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.
Cabhróidh na torthaí seo linn stocaireacht a dhéanamh ar son seirbhísí cuí don earnáil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Bheadh muid an-bhuíoch díot as an suirbhé thíos a líonadh.

Líon isteach suirbhé ar sholáthar sheirbhísí RSO

Glac síntús le nuachtlitreacha eile Gaeloideachas

Roinn ar Facebook Tvúit Seol ar ríomhphost

eolas@gaeloideachas.ie I 01-8535195

Tá an nuachtlitir seo á fáil agat de bharr go bhfuil tú cláraithe ar liosta seachadta Gaeloideachas le ceann dár nuachtlitreacha eile a fháil. Ag aon phointe gur mhaith leat gan an nuachtlitir seo nó aon cheann de na nuachtlitreacha eile a fháil is féidir leat díchlárú tríd an gcnaipe "Díchláraigh ón liosta seo" ag bun na nuachtlitreach a bhrú.

Copyright © 2019 GAELOIDEACHAS, All rights reserved.

díchláraigh ón liosta seo